**An Bhruiséil, 14 Eanáir 2022**
**(OR. en)**

**5336/22**

**SOC 22**
**EMPL 18**
**EDUC 13**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1)/An Chomhairle |
| Ábhar: | Bord Bainistíochta an Lárionaid Eorpaigh um Fhorbairt na Gairmoiliúna<br>Ceapachán Marc GROSS, comhalta do Lucsamburg, in ionad Charles BASSING, atá éirithe as |

1. Cuireadh Ardrúnaíocht na Comhairle ar an eolas go bhfuil Charles BASSING éirithe as mar chomhalta de Bhord Bainistíochta an Lárionaid thuas i gcatagóir ionadaithe na bhfostóirí (do Lucsamburg).

2. Faoi Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2019/128 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna (Cedefop) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 337/75 ón gComhairle, is í an Chomhairle a cheapann comhaltaí an Bhoird Bainistíochta.

3. I gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta, tá an t-iarrthóir seo a leanas ainmnithe ag an eagraíocht fostóirí BusinessEurope don suíochán sin ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, dar críoch an 31 Márta 2023:

Marc GROSS
Directeur des Affaires Publiques & Analyses
Chambre des Métiers Luxembourg
Teil: +352.426767-231
r-phost: marc.gross@cdm.lu

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

(a) an Cinneadh ón gComhairle atá i gceangal leis seo lena gcuirtear comhalta in ionad comhalta de Bhord Bainistíochta an Lárionaid Eorpaigh um Fhorbairt na Gairmoiliúna, a ghlacadh mar mhír 'A', agus

(b) an Cinneadh a chur á fhoilsiú, mar fhaisnéis, in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

**<u>IARSCRÍBHINN</u>**

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

an

lena gcuirtear comhalta in ionad comhalta de

Bhord Bainistíochta an Lárionaid Eorpaigh um Fhorbairt na Gairmoiliúna

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/128 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna (Cedefop) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 337/75 ón gComhairle[1], agus go háirithe Airteagal 4 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leis na Cinntí uaithi an 9 Aibreán 2019[2], an 8 Iúil 2019[3], an 16 Meán Fómhair 2019[4] agus an 8 Samhain 2019[5], cheap an Chomhairle comhaltaí agus comhaltaí malartacha Bhord Bainistíochta an Lárionaid Eorpaigh um Fhorbairt na Gairmoiliúna don tréimhse ón 1 Aibreán 2019 go dtí an 31 Márta 2023.

(2) Tá suíochán comhalta i gcatagóir ionadaithe na bhfostóirí tagtha chun bheith folamh ó tharla gur éirigh Charles BASSING as.

(3) Tá iarrthóir ainmnithe ag an eagraíocht fostóirí BusinessEurope don suíochán folamh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

1 IO L 30, 31.1.2019, lch. 90.
2 IO C 136, 12.4.2019, lch. 6.
3 IO C 232, 10.7.2019, lch. 5.
4 IO C 316, 20.9.2019, lch. 3.
5 IO C 385, 13.11.2019, lch. 6.

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar Marc GROSS ina chomhalta de Bhord Bainistíochta an Lárionaid Eorpaigh um Fhorbairt na Gairmoiliúna in ionad Charles BASSING, ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, dar críoch an 31 Márta 2023.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán